2022.M5C

2022L001G1IC

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Gnáthleibhéal

## 1 uair 50 nóiméad

160 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann i ndúch gorm nó dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo.
Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cathain a bheidh an comórtas scríbhneoireachta ar siúl?

**(b)** Cad a chaithfidh na scoláirí a scríobh?

**2.** **(a)** Cé a bheidh ag déanamh urraíochta ar an gcomórtas?

**(b)** Cén duais a gheobhaidh an buaiteoir?

### FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cé a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cén t-am a bheidh an clár nua seo ar siúl oíche Dé hAoine?

**2.** **(a)** Scríobh síos saghas **amháin** ceoil a chasfar ar an gclár.

**(b)** Luaigh duais **amháin** a bheidh le buachan sna comórtais rialta ar an gclár.

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

### COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1**. Conas a chaith Seán an deireadh seachtaine ar fad?

**2.** Cad a bhuaigh Seán agus foireann díospóireachta na scoile nuair a bhí sé sa chúigiú bliain?

***An Dara Mír***

**1.** Cé mhéad pointe atá ag teastáil don chúrsa Dlí a theastaíonn ó Sheán a dhéanamh?

**2.** Scríobh síos rud **amháin** atá ag cur brú ar Áine faoi láthair.

### COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad a fuair Eoin dá bhreithlá?

**2.** Cén mhaidin a bhuaileann baill an chlub le chéile ag an gclubtheach ar a deich a chlog?

***An Dara Mír***

**1.** Cén spórt a thaitníonn go mór le Síle?

**2.** Cad ba mhaith le Síle a fháil in ollscoil sna Stáit Aontaithe?

# Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Scríobh síos pointe **amháin** eolais faoin aimsir sa samhradh le blianta beaga anuas.

**2.** Luaigh breosla iontaise **amháin** a dhóitear sna tithe sa tír seo.

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cén oifig i Stáit Aontaithe Mheiriceá a thóg Joe Biden i mí Eanáir 2021?

**2.** Scríobh síos contae **amháin** in Éirinn as ar tháinig sinsir Joe Biden.

## Cuid II        An Cheapadóireacht        100 marc

## Treoracha

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

| A | Giota Leanúnach / Blag | 50 marc |
|---|---|---|

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) Ceolchoirmeacha.

(ii) Laethanta saoire an tsamhraidh.

(iii) Cluiche a thaitníonn liom.

| B | Scéal | 50 marc |
|---|---|---|

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) Ní raibh ach triúr againn fágtha sa chomórtas, mé féin agus beirt scoláirí eile. Ansin …

**nó**

(ii) Bhí tú ocht mbliana déag d'aois le déanaí. Bhí cóisir bhreithlae agat i do theach. Tháinig do chairde go léir chuig an gcóisir …

| C | Litir / Ríomhphost | 50 marc |
|---|---|---|

(i) Tá tú ag obair i bhfad ó bhaile den chéad uair.
Scríobh **an litir** / **an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoi do chuid oibre **agus** faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn tú saor ón obair.

**nó**

(ii) Chonaic tú scannán iontach ar *Netflix* le déanaí.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoin scannán **agus** faoi na fáthanna ar thaitin sé leat.

| D | Comhrá | 50 marc |
|---|---|---|

(i) Chaill tú d'fhón póca. Ba mhaith leat fón nua a cheannach ach níl an t-airgead agat.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Níor éirigh go maith leat sna bréagscrúduithe mar ní raibh tú ag staidéar go rialta.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

1 uair 50 nóiméad